


A Mhúinteoir dhil na hEolaíochta,

Tá súil againn go bhfuil tú i mbarr do sláinte agus muid ag seoladh an nuachtlitir seo ag deireadh na scoilbhliana agus guímid gach rath ar do chuid oibre agus tú ag tarraingt ar bhrieadh an tsamhraidh atá tuillte go maith. Agus muid ag breathnú ar Shonraíocht na hEolaíochta atá á thabhairt isteach i Meán Fómhair, táimid ag cur chugat an chéad cheann de shraith nuachtlitreacha ina gcoinneimid, tá súil againn, an comhrá torthúil a thosaigh ar Lá 1 den FGL ar siúl. Is rud leanúnach iad na hathruithe in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí agus táimid ag tsnúth le bheith ag obair leat agus ag foghlaim uait i rith an phróisis sin.

Cheistigh sibh - d'éist muidne! Aiseolas ó Lá 1 den FGL

Tá Foireann Eolaíochta an SSM tiomanta do bheith ag éisteacht le bhur gcuid aiseolais agus a bheith i ndán freagairt air. I mbliana, d'fhreastail 1,100 múinteoir ar 76 ceardlann Lá 1 FGL na hEolaíochta in ionaid oideachais ar fud na hÉireann. Gabhaimid buíochas libh as na sonraí a thug sibh in bhur gcuid foirmeacha aiseolais. Thug sé sin pictiúr soiléir dúinn ar bhur mbuarthaí agus ar bhur n-ionchais maidir le tacáil amháin anseo:



Na rudaí a dúirt sibh a ba mhaith libh

Treoir Churaclaim	Tacáil ar Líne	Tacáil FGL
Eolas ar mheasúnú	Smaointe teagaisc & foghlama	FGL Roghnach
Cúrsaí pleanála & tabhairt faoin gcúrsa	Múinteoirí ag comhroinnt cleachtas	Comhroinnt I measc múinteoirí
Obair le Torthaí Foghlama		Cruinnithe cnuasghrúpaí
		Ceardlanna scoilbhunaithe

Dearbhaímid go dtabharfaimid aghaidh, de réir a chéile, ar bhur gcuid riachtanaisí agus buairt trí thacaí FGL ar an láthair agus ar líne. Cuirfimid tús leis seo ag thabhairt faoi roinnt rudaí sa nuachtlitir seo:

Clliceáil [anseo](#) le dul ar ár liosta seachadta

Eolas ar Mheasúnú

Faoin **Measúnú** i rannóg na hEolaíochta ar ár suíomh idirlín (clliceáil [anseo](#)) gheobhaidh tú roinnt tacáil a bhaineann le measúnú, ina measc:

- Eolas a bhaineann le measúnú leanúnach in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- [Físeán](#) a thugann blaiseadh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe san Eolaíocht
- [Amhlíne](#) le haghaidh na measúnuithe nua in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí don chéad chohórt scoláirí a thosódh i Meán Fómhair na bliana seo

Anois, tá Treoirlínte Measúnaithe an CNCM don Eolaíocht ar fáil [anseo](#).



An tOllamh Aoife Mc Lysaght ag labhairt le múinteoirí ag imeacht FGL Ghaileraí na hEolaíochta.

FGL Roghnach

Reáchtáladh roinnt ceardlanna roghnacha FGL ar fud na tíre an téarma seo i gcomharpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (FEÉ), le Gailearaí na hEolaíochta BÁC agus le EPITEM an Lárionad Náisiúnta d'Oideachas ETIM ag Ollscoil Luimnigh don tionscadal CÉIM i dtreo na hEolaíochta.



Tugann na comhpháirtíochtaí seo deiseanna do mhúinteoirí dul i ngleic go chruthaitheach le Sonraíocht na hEolaíochta agus an tsúlúbhacht atá inti a thuiscint níos fear.

Léiríu cruthaitheach sonraí, ó cheardlann FGL de chuid an FEÉ



Lucht na chéad bhliana a chur i ngleic le Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí

D'fhéadfá an [físeán](#) seo a thaispeáint do do chéad bhliain chun blaiseadh a thabhairt dóibh ar Eolaíocht nua na Sraithe Sóisearaí.

Pleanáil agus Nascadh

Táimid tiomanta san SSM do thacaíocht FGL a sholáthar ó **múinteoirí, do mhúinteoirí**. Tháinig freagra láidir uaidh ar Lá 1 den FGL gur mhaith libh nascadh le múinteoirí eile agus smaointe a roinnt leo. Dá réir sin, ba mhaith linn cloisteáil uait ar na bealaí difriúla a mbíonn tú ag comhoibriú le do chomhghleacaithe. Ba mhian linn léargas náisiúnta a chruthú den chaoi a mbíonn sibh ag pleanáil agus ag nascadh le chéile. Tá rún againn an t-eolas sin a roinnt agus tacú leis an nósmaireacht sin agus cur léi go gcomhroinntear smaointe in oideachas Eolaíochta na hÉireann.

Nascadh le múinteoirí

Cad é a dhéanann tú faoi láthair chun nascadh le múinteoirí Eolaíochta eile? I do scoil? Ar líne? Ag imeachtaí? Ba bhreá linn cloisteáil uait! Clliceáil ar an [nasc seo](#) chun foirm Google an-ghearr a chomhlánú le heolas a fháil uait faoi cén gcaoi a nascann tú le múinteoirí Eolaíochta eile.

Cúrsaí Pleanála

Agus muid ag díriú aird ar ár seomraí ranga Eolaíochta, ba mhaith linn bhur smaointe faoi chúrsaí pleanála a chloisteáil agus a roinnt. Cad iad na smaointe agus na pleananna atá agaibh do Mheán Fómhair? Mar roinnt? Mar mhúinteoirí aonair? Cad a bhfuil sibh ag smaoiniamh air? Ba bhreá linn scéalta a fháil uaidh – clliceáil ar an [nasc seo](#) chun foirm Google an-ghearr a chomhlánú.

Smaoinigh– tá roinnt tacáil ar fáil daoibh faoi **Phleanáil** i rannóg Eolaíochta ar ár suíomh idirlín (clliceáil [anseo](#))

Sin nó, is féidir tuft a chur chugainn @JCforTeachers ag úsáid #JCTScience agus na bealaí suimiúla a insint dúinn atá sibh ag pleanáil don Eolaíocht agus ag nascadh le múinteoirí eile. Bímis ag caint!

Ar deireadh, is mian linn buíochas a ghabháil leat as do rannpháirtíocht ar Lá 1 den FGL Eolaíochta agus as an bplé a bhí againn leat ag ócáidí agus ag ceardlanna eile. Guímid gach rath ort don chuid eile den bhliain agus bain sult as saoire an tsamhraidh!

Le dea-mhéin, Foireann Eolaíochta an SSM